# 10 Seirbhísí Comhroinnte — Ró-íocaíochtaí Tuarastail a Bhainistiú

**10.1** Is é atá i gceist le coincheap 'seirbhísí comhroinnte' riaracháin soláthraí seirbhísí ar leith a chuireann seirbhísí corparáideacha coiteanna ar fáil do roinnt eagraíochtaí. Cuireadh an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (Seirbhísí Comhroinnte) ar bun in 2014 agus tá an Oifig freagrach as seirbhísí comhroinnte a sheachadadh, do ranna státseirbhíse go príomha.[1] Is oifig riaracháin í Seirbhísí Comhroinnte laistigh den Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.[2]

**10.2** Dhá sheirbhís atá i Seirbhísí Comhroinnte faoi láthair

- PeoplePoint, a sholáthraíonn seirbhís riaracháin acmhainní daonna agus pinsean
- Ionad Seirbhísí Comhroinnte Párolla (PSSC), a sholáthraíonn seirbhís íocaíochta párolla agus pinsean.

**10.3** Ag deireadh 2016, bhí feidhmeanna acmhainní daonna 39 roinn aistrithe chuig PeoplePoint agus bhí an párolla aistrithe chuig PSSC ag 43 roinn (féach Figure 10.1).


**10.4** Trí PSSC, rinne na Seirbhísí Comhroinnte próiseáil ar íocaíochtaí párolla €3.2 billiún a bhain le 102,401 fhostaí in 2016. Déantar próiseáil ar 2,438 mbabhta párolla agus pinsin gach seachtain, 1,482 bhabhta párolla agus pinsin gach coicís agus 192 bhabhta párolla agus pinsin gach mí. Na híocaíochtaí tuarastail agus pinsin do na ranna a soláthraíonn PSSC seirbhísí párolla dóibh, déantar iad a chur chun dochar chuntas leithreasa nó ráitis airgeadais na gcomhlachtaí sin. Níor thángthas ar aon earráid ábhartha maidir le táillí párolla do 2016 sna hiniúchtaí ar na comhlachtaí sin.[3]

1 Cuimsítear le ranna sa tuarascáil seo gach roinn, oifig agus gníomhaireacht rialtais a bhaineann leas as seirbhísí comhroinnte.

2 Is é Ard-Rúnaí na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an tOifigeach Cuntasaíochta do Vóta 18, an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte.

3 Bhí iniúchadh gach comhlachta, lasmuigh de líon beag comhlachtaí beaga, curtha i gcrích agus an tuarascáil seo á tabhairt chun críche.

**Fíor 10.1 Ranna faoi chúram na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte**




Foinse: An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte

**10.5** Bíonn feidhmeanna á ndéanamh ag Seirbhísí Comhroinnte ar bhonn gníomhaireachta. Chun muinín a thabhairt dá gcliaint, d'fhostaigh Seirbhísí Comhroinnte gnólachtaí neamhspleácha cuntasóirí chun measúnuithe a dhéanamh ar a gcóras rialaithe. Tá roinnt measúnuithe curtha i gcrích.

**10.6** Tháinig bord cláir do PeoplePoint le chéile den chéad uair i Samhain 2011. Oifigeach ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a bhí ina chathaoirleach ar an mbord, agus tháinig an bord le chéile gach mí chun gach réimse oibriúcháin a phlé. I measc na gcomhaltaí, cuimsíodh ionadaithe ó roinnt ranna éagsúla: an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, an Phríomh-Oifig Staidrimh, na Coimisinéirí Ioncaim, agus an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.


**10.7** Tá Grúpa Seirbhísí do Chustaiméirí agus Coiste Straitéise Seirbhísí Comhroinnte d'Fhostaithe curtha in ionad an bhoird cláir anois. Tháinig na grúpaí le chéile den chéad uair i mí Feabhra agus i mí an Mhárta 2017 faoi seach. Tá ionadaithe ó ranna éagsúla sa dá ghrúpa, agus tagann siad le chéile ar bhonn ráithiúil agus ar bhonn démhíosúil faoi seach.

## Ró-íocaíochtaí tuarastail

**10.8** Tá Seirbhísí Comhroinnte tar éis a thuairisciú dá ranna is cliaint go raibh ró-íocaíochtaí tuarastail dar luach €4.6 milliún amuigh ag deireadh 2016. Chun aghaidh a thabhairt ar an gceist sin, tá meitheal oibre ar ró-íocaíochtaí tuarastail curtha ar bun, agus tagann an mheitheal le chéile uair sa mhí. An príomhchuspóir atá ag an ngrúpa is ea moltaí a fhorbairt agus athbhreithniú a dhéanamh ar a gcur chun feidhme. I measc na gcomhaltaí, cuimsítear ionadaithe ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí, ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ó na Coimisinéirí Ioncaim agus lucht bainistíochta PeoplePoint.

**10.9** Tá sé dosheachanta go mbeidh ró-íocaíochtaí áirithe tuarastail ann mar gheall ar scála agus ar chastacht na n-íocaíochtaí i gceist. I gcás ina ndéantar ró-íocaíochtaí, tá sé tábhachtach go ndéantar iad a bhainistiú go héifeachtach. Córas atá in ann faisnéis a sholáthar ar ró-íocaíochtaí ar leith, mar aon le faisnéis bhainistíochta ar leibhéal comhiomlán, tá córas den sórt sin ríthábhachtach chun tacú le bainistiú ró-íocaíochtaí. Leagtar amach creat dea-chleachtais i bhFíor 10.2 maidir le ró-íocaíochtaí tuarastail a bhainistiú, bunaithe ar phrionsabail bailithe fiach atá foilsithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

**Fíor 10.2 Creat dea-chleachtais chun ró-íocaíochtaí tuarastail a bhainistiú**





Foinse: Curtha in oiriúint ó *Best Practice Guide: Collection of Debt by Public Service Bodies*, an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, 2017

## Cúiseanna leis na ró-íocaíochtaí

**10.10** Tugtar achoimre i bhFíor 10.3 ar amlíne PSSC don phróiseáil párolla. Go hiondúil, is gá treoracha le haghaidh babhta párolla a thabhairt do PSSC breis is seachtain roimh an lá íocaíochta beartaithe. I gcás nach sainaithnítear fadhb a fhágann gur gá pá fostaí a laghdú le haghaidh babhta pá, nó nach gcuirtear in iúl é sin, sula ndéantar an párolla a phróiseáil, beidh ró-íocaíocht ann.

**Fíor 10.3 Próiseáil párolla ag PSSC**




Foinse: An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte


Nótaí: a Ní mór an treoir chun babhta pá a athrú a fháil roimh 1 i.n.

b Déantar an babhta párolla níos luaithe ag amanna áirithe den bhliain, mar shampla ag deireadh na bliana, agus déantar laghdú breise ar an tréimhse chun athruithe a dhéanamh nó faightear réidh leis.

**10.11** Is é 6.5 lá oibre roimh an lá pá i gcás baill foirne a n-íoctar gach coicís iad agus 7.5 lá i gcás baill foirne a n-íoctar gach seachtain iad an scoithdháta chun athruithe ar an bpárolla a phróiseáil. Tá sé léirithe ag Seirbhísí Comhroinnte go gcuimsítear leis an riachtanas sin i leith phróiseáil roimh ré an t-am a theastaíonn ó na ranna is cliaint chun an t-airgead is gá a aistriú chuig Seirbhísí Comhroinnte agus le cinntiú gur féidir leis an mbanc an íocaíocht a dhéanamh ar an lá ceart.

**10.12** Don iniúchadh seo, rinneadh athbhreithniú ar shampla randamach 50 cás ró-íocaíochta chun an chúis leis na ró-íocaíochtaí a shainaithint. Tá na torthaí leagtha amach i bhFíor 10.4.

**Fíor 10.4 Cúiseanna leis na ró-íocaíochtaí — sampla de chásanna**




Foinse: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

**10.13** Iarratas ar laghdú ar íocaíocht a chur in iúl go déanach is cúis leis an ró-íocaíocht i bhformhór na gcásanna a athbhreithníodh. Sa sampla a ndearnadh iniúchadh air, tharla a leithéid go príomha toisc nár cuireadh in iúl do PSSC go dtí roinnt seachtainí, nó roinnt míonna i gcásanna áirithe, tar éis fostaí a chur ar 'ráta nialasach' pá nó ar ráta pá laghdaithe de bharr saoire bhreoiteachta. Tarlaíonn sé go ndéanann an roinn ábhartha an t-athrú a chur in iúl go déanach do PeoplePoint agus/nó go ndéanann PeoplePoint an t-athrú a chur in iúl go déanach do PSSC.

**10.14** Is iondúil go dtagann ró-íocaíocht bhunúsach chun cinn i gcás ina gcuirtear neamhláithreacht in iúl do thréimhse pá dá bhfuil próiseáil déanta ar an bpárolla cheana féin. D'fhéadfadh ró-íocaíocht bhunúsach a bheith ann freisin sa chás ina bhfuil deireadh tagtha le fostaíocht an duine aonair ach

- go bhfuil asbhaintí do phas taistil bliantúil ann nach bhfuil aisghafa ina n-iomláine, nó
- go bhfuil an iomarca saoire bhliantúil tógtha aige/aici.

**10.15** Sainaithníodh san iniúchadh dhá bhealach ina dtagann ró-íocaíochtaí chun cinn ach nach mbíonn na ró-íocaíochtaí sin á dtaifeadadh ag Seirbhísí Comhroinnte.

- Thug an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe treoir, le feidhm ó Eanáir 2011, gur cheart asbhaintí pá do laethanta neamhláithreachta a ríomh ar ráta caighdeánach mar an cúigiú cuid den phá seachtainiúil seachas mar an seachtú cuid den phá seachtainiúil. Dá réir sin, i gcás baill foirne a n-íoctar iad gach coicís, ba cheart neamhláithreachtaí a ríomh mar an deichiú cuid den phá coicísiúil do gach lá a bhíonn siad as láthair. Mar sin féin, is mar an ceathrú cuid déag a bhíonn asbhaintí á ríomh ag PSSC. Ós rud é gur lú an ráta asbhainte leis an modh seo, déantar ró-íocaíocht gach uair ach ní bhíonn na ró-íocaíochtaí sin á dtaifeadadh faoi láthair. Tá sé sonraithe ag Seirbhísí Comhroinnte go bhfuil plé ar siúl acu leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus go bhfuil soiléiriú á lorg ar an riail maidir le hasbhaintí.
- Tá oifigigh ar ceapadh iad ag grád Príomhoifigigh Chúnta nó níos airde ó Nollaig 2011 i leith i dteideal 30 lá de shaoire bhliantúil. Faoi láthair, tá 32 lá á dtabhairt ag PeoplePoint do chuid de na daoine sin, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le ró-íocaíocht. Tá sé sonraithe ag Seirbhísí Comhroinnte go bhfuil siad ag féachaint ar gach cás ina bhféadfadh breis is 30 lá de shaoire bhliantúil a thabhairt mar d'fhéadfadh cúiseanna bailí a bheith ann leis sin. Nuair a bheidh an t-iniúchadh curtha i gcrích, déanfaidh PeoplePoint aon ró-íocaíochtaí a shainaithneofar a aisghabháil.


## An ró-íocaíocht a mheas agus a thaifeadadh

**10.16** Le go mbeifear in ann tosú ar an bpróiseas chun an ró-íocaíocht a fháil ar ais, is gá an méid a mheas agus na sonraí go léir a thaifeadadh go cruinn ar dtús.

**10.17** Bíonn taifid fostaithe na ranna á nuashonrú agus á gcothabháil ar chóras bainistíochta acmhainní daonna, agus is é PeoplePoint a bhíonn i mbun an córas sin a fheidhmiú. Bíonn na ró-íocaíochtaí tuarastail aonair á mbainistiú ag PeoplePoint freisin ar chóras bainistíochta cáis (CMS) ar leith. Nuair a aithnítear ró-íocaíocht, cruthaítear cás sa CMS. Déantar méid na ró-íocaíochta a ríomh agus a thaifeadadh sa CMS agus sa chóras bainistíochta acmhainní daonna araon, agus cuirtear tús leis an bpróiseas aisghabhála. Cruthaítear cás agus cás-uimhir ar leith sa CMS le haghaidh gach ró-íocaíochta. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé tarlú go mbeadh roinnt cásanna ró-íocaíochta ag baint le haon fhostaí amháin.

**10.18** Ag deireadh na bliana 2016, bhí 648 gcás ró-íocaíochta sa CMS nach raibh luach taifeadta dóibh. Bhí an ceathrú cuid de na cásanna ann le breis is sé mhí (féach Fíor 10.5). Bunaithe ar mheánluach na gcásanna ar fad a cruthaíodh in 2016 a raibh luach ríofa ina leith, d'fhéadfadh suas le €650,000 a bheith i gceist leis an ró-íocaíocht iomlán sna cásanna sin.

**Fíor 10.5 Cásanna ró-íocaíochta gan luach amhail mí na Nollag 2016, de réir aoise[a]**




Foinse: An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nóta: a D'fhéadfadh sé tarlú go mbeadh roinnt cásanna ró-íocaíochta ag baint le haon fhostaí amháin.

## Ró-íocaíochtaí a fháil ar ais

**10.19** Chun aisghabháil ró-íocaíochta a thosú, seolann PeoplePoint litir fógartha chuig an bhfostaí ina leagtar amach na roghanna atá ar fáil chun aisíocaíocht a dhéanamh. An beartas atá ann ná an aisghabháil a dhéanamh ar bhonn asbhaint íosta 8% den olltuarastal sa tréimhse pá nó laistigh de 12 mhí, cibé acu is luaithe. I gcás ina bhfuil saoire gan phá (saoire bheartaithe nó neamhbheartaithe) glactha ag fostaí nó ina bhfuil na teorainneacha ceadaithe do shaoire bhreoiteachta gan teastas sáraithe aige, tá foráil sa bheartas d'aisíocaíocht iomlán ar an gcéad dáta pá eile nó gach dáta pá ina dhiaidh sin go dtí go mbeidh an ró-íocaíocht ar fad íoctha ar ais. Seoltar litreacha eile sa chás nach bhfaightear freagra ar an litir fógartha. Ba cheart tús a chur leis an aisghabháil cúig seachtaine tar éis an fhógartha, ar a dhéanaí, i gcásanna nach bhfaightear freagra ón bhfostaí.

**10.20** Sa chás ina n-aontaítear plean aisíocaíochta, déantar an cás a dhúnadh sa CMS agus déantar an plean sin a thaifeadadh sa chóras bainistíochta acmhainní daonna. Má bhaineann an plean aisíocaíochta le hasbhaintí rialta ó thuarastal an fhostaí, tugtar treoir do PSSC ina leith sin.[1] An méid a asbhaintear ina dhiaidh sin agus iarmhéid laghdaitheach na ró-íocaíochta, déantar iad a thaifeadadh sa chóras párolla ábhartha. Ní dhéantar an t-iarmhéid laghdaitheach a chlárú sa CMS ná sa chóras bainistíochta acmhainní daonna.


**10.21** Sa chomhaontú bainistíochta seirbhísí lena chuid cliant, tá deich lá leagtha amach do PeoplePoint mar sprioc chun plean aisghabhála a chur i bhfeidhm agus bíonn mar aidhm leis é sin a bhaint amach in 90% de chásanna. Bunaithe ar iniúchadh ar shampla 50 cás a raibh luachanna ró-íocaíochta taifeadta ina leith sa CMS, is fíor-annamh ar fad a bhaintear é sin amach (féach Fíor 10.6).[2]

**10.22** Mar fhreagra ar thorthaí an iniúchta sin, tá sé sonraithe ag Seirbhísí Comhroinnte go dtagraíonn an sprioc deich lá sin leis an am chun plean aisghabhála a chur i bhfeidhm tar éis luach na ró-íocaíochta a dheimhniú, cé nach leagtar é sin amach go sainiúil. I gcomhaontuithe bainistíochta seirbhísí 2017, leagtar amach sprioc leasaithe chun na hasbhaintí a thosú laistigh de 40 lá (50 lá ar a mhéad) tar éis don roinn ábhartha cead a thabhairt chun an ró-íocaíocht a aisghabháil.

1 I gcás ina ndearnadh feidhmeanna Acmhainní Daonna roinne a aistriú chuig PeoplePoint ach go leanann an roinn sin dá párolla féin a phróiseáil, eisítear an treoir do rannóg párolla na roinne.

2 Roghnaíodh an sampla ar bhonn samplála srathaithe (stádas cáis).

**Fíor 10.6 Am a glacadh chun ró-íocaíochtaí a phróiseáil, de réir luach na ró-íocaíochtaí — cásanna samplacha**




Foinse: An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

◇ Cás aicmithe mar a bheith dúnta roimh an 31 Nollaig 2016 ◆ Cás oscailte amhail an 31 Nollaig 2016

**10.23** I measc na gcásanna samplacha ón CMS a iniúchadh, bhí 18 gcás aicmithe mar a bheith dúnta ag PeoplePoint – cuireadh cúig chás ar ceal, cuireadh sé chás ar ais chuig an roinn ábhartha lena bpróiseáil, agus aontaíodh pleananna aisghabhála i seacht gcás. Ba é cúig mhí meántréimhse phróiseála na seacht gcás a bhí dúnta agus plean aisghabhála i bhfeidhm. Ní dhearnadh ach dhá chás a phróiseáil laistigh den sprioc deich lá — cuireadh an dá chás sin ar ceal mar dearbhaíodh nach ndearnadh ró-íocaíocht ar bith. Faoi bhun luach €5,000 an ceann a bhí dhá thrian de na cásanna a dúnadh.


**10.24** Bhí formhór na gcásanna ar féachadh orthu (32 as 50) á bpróiseáil i gcónaí ag deireadh 2016, agus ní raibh plean aisghabhála ar bith i bhfeidhm ina dtaobh. 13 mhí an mheántréimhse phróiseála a bhí ann cheana féin ag an dáta sin. Luach os cionn €5,000 an ceann a bhí ar dhá thrian, nach mór, de na méideanna ró-íocaíochta sna cásanna sin.

**10.25** Is gá scéal a chur chuig fostaithe le litir chun plean aisghabhála a chur i bhfeidhm. Ba cheart litreacha a eisiúint a luaithe is féidir chun an méid atá dlite a chur in iúl don fhostaí, agus ba cheart gach litir ina dhiaidh sin a eisiúint laistigh den tréimhse atá leagtha amach. I bhFíor 10.7, leagtar amach an t-am a glacadh chun an litir fógartha a eisiúint sna cásanna samplacha.

**10.26** Níor seoladh litir fógartha in ocht gcinn de na cásanna amhail an 31 Nollaig 2016. Mar sin féin, bhí plean aisghabhála i bhfeidhm in dhá cheann de na cásanna sin ag deireadh na bliana, agus bhí cás amháin dúnta sa CMS. 11 mhí a bhí sa mheántréimhse phróiseála (go dtí deireadh 2016) i gcás na sé chás eile, agus díreach os cionn €61,000 an méid iomlán a bhí gan íoc.[1]

1 Seoladh litreacha fógartha i dtrí cinn de na sé chás in 2017.

**Fíor 10.7 An t-am a glacadh chun litir fógartha maidir le ró-íocaíocht a eisiúint, cásanna samplacha, amhail an 31 Nollaig 2016**




Foinse: An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nótaí: Ní léirítear ar an ngraf na cúig chás a cuireadh ar ceal.

◆ Cás dúnta ◆ Cás oscailte amhail an 31 Nollaig 2016 ◆ Plean aisghabhála i bhfeidhm, ach gan an cás a bheith dúnta go foirmiúil amhail an 31 Nollaig 2016

**10.27** Eisíodh litreacha fógartha sna 37 gcás eile a iniúchadh. 13 seachtaine an t-am a glacadh ar an meán chun an litir fógartha a eisiúint tar éis an cás ró-íocaíochta a chruthú ar an gcóras. I gcás amháin inar taifeadadh luach ró-íocaíochta €13,500, thóg sé breis is bliain an litir fógartha a eisiúint. Níor aisíocadh na ró-íocaíochtaí nó ní raibh pleananna aisghabhála i bhfeidhm ach amháin i gcás sé cinn de na 37 gcás amhail an 31 Nollaig 2016.

### *Bainistiú acmhainní oidhreachta*

**10.28** Dar le Seirbhísí Comhroinnte, is iad atá freagrach as aisghabháil ró-íocaíochtaí tuarastail a thagann chun cinn tar éis do roinn na feidhmeanna a aistriú chucu, agus is ar an roinn ábhartha atá an fhreagracht as bainistiú gach ró-íocaíochta atá ar eolas ag dáta an aistrithe .i. 'cásanna oidhreachta'. Níl an roinnt freagrachtaí sin i leith ró-íocaíochtaí le feiceáil sa chomhaontú freagrachtaí a shíníonn Seirbhísí Comhroinnte agus gach roinn gach bliain.

**10.29** Eisíonn Seirbhísí Comhroinnte tuairisc anailíse fhoirmiúil chuig an roinn is cliant tráth a ndéantar feidhmeanna a aistriú chucu. Níor leagadh amach na freagrachtaí faoi seach as cásanna oidhreachta do na 25 roinn a d'aistrigh feidhmeanna roimh Iúil 2015. Leagadh amach na freagrachtaí faoi seach sna tuairiscí anailíse a tugadh do na 14 roinn a d'aistrigh feidhmeanna tar éis an dáta sin. Tá sé sonraithe ag Seirbhísí Comhroinnte gur tharla sé sin toisc nárbh ann d'fhadhb shoiléir ar bith maidir le ró-íocaíochtaí sular tháinig an t-athrú ar theidlíochtaí saoire breoiteachta sa státseirbhís i bhfeidhm.

**10.30** Rinneadh iniúchadh ar bhainistíocht cásanna ró-íocaíochta oidhreachta i gceithre roinn

- An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí
- An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
- An Phríomh-Oifig Staidrimh
- An tÚdarás Clárúcháin Maoine.

**10.31** Dheimhnigh an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí agus an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara araon gur thuig siad gurb iad atá freagrach as cásanna oidhreachta a bhainistiú.[1] Rinneadh athbhreithniú ar shampla de chásanna oidhreachta i ngach roinn ag dáta an aistrithe.

- An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí — rinneadh athbhreithniú ar shampla 20 cás oidhreachta dar luach €78,600 le chéile iad. Bíodh is go raibh plean aisghabhála i bhfeidhm in aon chás déag ag dáta an aistrithe, ní fhacthas fianaise ar bith ar bhainistíocht na haisghabhála ó shin. Ar an gcaoi chéanna, ní fhacthas fianaise ar bith ar iarracht chun na ró-íocaíochtaí a aisghabháil sna naoi gcás nach raibh plean aisghabhála i bhfeidhm iontu. Tá sé sonraithe ag an Roinn go bhfuil athbhreithniú á dhéanamh anois ar gach cás ró-íocaíochta oidhreachta, agus tá pleananna á gcur i bhfeidhm chun an t-airgead dlite go léir a aisghabháil.
- An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara — rinneadh athbhreithniú ar shampla 20 cás oidhreachta dar luach €62,700 le chéile iad. Bhí plean aisghabhála i bhfeidhm i leath na gcásanna ag dáta an aistrithe. Maidir leis na deich gcás eile, ní fhacthas fianaise ar bith ar bhainistíocht na ró-íocaíochta ó shin. I gcás amháin díobh sin, rinne Seirbhísí Comhroinnte iarracht an méid a bhí amuigh a aisghabháil ach níor éirigh leo, agus sheol siad an cás ar ais chuig an Roinn ina dhiaidh sin. Tá sé léirithe ag an Roinn go bhfuil sé beartaithe aici tabhairt faoi chlár oibre ar na cásanna nach bhfuil plean aisghabhála i bhfeidhm iontu, agus bainfear leas ann as rannpháirtíocht na Roinne ar mheitheal oibre Seirbhísí Comhroinnte ar ró-íocaíochtaí tuarastail.

**10.32** Thug an Phríomh-Oifig Staidrimh agus an tÚdarás Clárúcháin Maoine araon le fios gur thuig siad gurb iad Seirbhísí Comhroinnte atá freagrach as cásanna oidhreachta a bhainistiú agus dul sa tóir orthu.

### *Cásanna iarfhostaithe (fostaithe nach bhfuil á n-íoc)*

**10.33** Anuas ar na cásanna oidhreachta, chinn Seirbhísí Comhroinnte gurbh iad na ranna a bhainisteodh na cásanna ró-íocaíochta sa chás nach bhfuil an duine ina fhostaí níos mó agus go bhfuil trí litir seolta ag Seirbhísí Comhroinnte gan freagra a fháil orthu. Is cásanna iad sin nach bhfuil an fostaí á íoc níos mó. Mar sin féin, níor cuireadh an cinneadh sin in iúl go foirmiúil do na ranna. Níorbh fhéidir le Seirbhísí Comhroinnte sceideal de chásanna den sórt sin, agus luachanna cinnte leo, a chur ar fáil don fhoireann iniúchta.

## Monatóireacht a dhéanamh ar aisíocaíochtaí

**10.34** Ba cheart monatóireacht a dhéanamh ar aisghabháil ró-íocaíochta trí asbhaintí rialta ón bpá (nó ón bpinsean) lena chinntiú go bhfaighfear ar ais an t-airgead ina iomláine agus chun aghaidh a thabhairt, ar bhealach tráthúil, ar chásanna ina stoptar na hasbhaintí ó íocaíochtaí ar chúis éigin. Níl aon fhianaise ann go ndéantar monatóireacht ar phleananna aisghabhála chun aisghabháil iomlán a chinntiú.

**10.35** Sainaithníodh san iniúchadh ró-íocaíochtaí dar luach iomlán €50,000 a rinneadh le ceathrar. Bhí pleananna aisghabhála trí asbhaintí párolla i bhfeidhm sna cásanna sin ach léiríodh sna tuarascálacha párolla nach raibh asbhaintí á ndéanamh ag deireadh 2016.

1 Aistríodh an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí chuig PeoplePoint i mí Feabhra 2014, agus aistríodh an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara i mí an Mhárta 2013.

**10.36** Tá sé léirithe ag Seirbhísí Comhroinnte go ndéantar asbhaintí do thriúr den cheathrar sin a phróiseáil trí chóras párolla roinne mar leanann an roinn sin dá párolla féin a phróiseáil. Níl córas ar bith i bhfeidhm chun PeoplePoint a chur ar an eolas i gcás go stoptar na hasbhaintí sin le go dtosódh PeoplePoint na gnásanna aisghabhála in athuair. Ar an gcaoi chéanna, níl ann do mheicníocht ar bith chun PeoplePoint a chur ar an eolas má stoptar na hasbhaintí i gcás daoine a mbíonn a bpá á phróiseáil ag PSSC.

## Faisnéis Bhainistíochta


**10.37** Leis an gcóras a bhíonn in úsáid ag Seirbhísí Comhroinnte chun ró-íocaíochtaí tuarastail a bhainistiú, ní féidir tuairiscí a ghiniúint ina bhfuil faisnéis a bhaineann le dáta a chuaigh thart. Má theastaíonn faisnéis le haghaidh pointe ama áirithe, is gá an tuairisc a ghiniúint ar an dáta áirithe sin. Ina theannta sin, is é an cás-uimhir an t-aitheantóir uathúil sa CMS ach úsáidtear uimhir an fhostaí sa chóras párolla. Tá an Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (UPSP) in úsáid sa dá chóras, ach níl ann do phróiseas ar bith faoi láthair chun an fhaisnéis ar an dá chóras a nascadh agus a thabhairt chun réitigh.

### *Anailís aoise ar fhiachas*

**10.38** Ní féidir tuairisc anailíse aoise a ghiniúint leis na córais atá in úsáid ag Seirbhísí Comhroinnte. Gineann an CMS tuairisc laethúil ina dtugtar liosta de gach aon chás. Tá sé léirithe ag Seirbhísí Comhroinnte go mbaintear úsáid as sin chun tús áite a thabhairt do na cásanna is sine. San iniúchadh seo, rinneadh anailís ar 1,378 gcás nach raibh plean aisghabhála i bhfeidhm ina dtaobh. Ba é €2.8 milliún luach iomlán na gcásanna sin. Bhí breis is an ceathrú cuid de chásanna, arbh ionann iad agus 40% den luach, ar láimh le breis is bliain anuas (féach Fíor 10.8).

**10.39** Tá meánluach na ró-íocaíochta i bhfad níos airde i gcásanna a bhfuil tréimhse fhada i gceist lena bpróiseáil. Tugtar le tuiscint leis sin go bhféadfaí dul i gcion ar bhealach dearfach ar an méid atá gan íoc ach díriú go sonrach ar chásanna atá níos sine. Níl obair spriocdhírithe den sórt sin déanta ag PeoplePoint go dtí seo. Tá sé sonraithe ag Seirbhísí Comhroinnte go gcuirfear tús go luath le clár speisialta chun cásanna níos sine a réiteach.

**Fíor 10.8 Anailís aoise ar chásanna ró-íocaíochta nach bhfuil plean aisghabhála i bhfeidhm ina dtaobh amhail an 31 Nollaig 2016**




Foinse: An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

**10.40** Fuarthas amach san iniúchadh gurb é €38,000 an ró-íocaíocht is airde atá taifeadta nach bhfuil plean aisghabhála i bhfeidhm ina taobh. Rinneadh an ró-íocaíocht i mí Lúnasa 2016 agus aicmíodh í mar earráid phróiseála. Cuireadh an cás ar feitheamh i mí Mheán Fómhair 2016 toisc go raibh an duine sin ar ráta nialasach pá. Rinneadh riaráistí de thart ar €10,000 a bhí dlite don fhostaí a sheach-chur in aghaidh na ró-íocaíochta, ach níl sé sin léirithe sa CMS.

### *Leibhéal aisghabhála*

**10.41** Dúnadh 4,419 gcás ró-íocaíochta in 2016 a raibh luach €4.4 milliún orthu. De bharr teorainneacha ar an bhfaisnéis atá ar fáil, ní féidir a mheas san iniúchadh cá mhéad den airgead sin a bhí faighte ar ais faoi dheireadh na bliana. Níl ag Seirbhísí Comhroinnte ach faisnéis a bhaineann le hasbhaintí a ndéantar trí PSSC iad. Níl radharc acu ar fhaisnéis a bhaineann le hasbhaintí a ndéantar iad trí phárolla na ranna. Níl eolas ar bith ar fáil maidir le ró-íocaíochtaí arna bhfáil ar ais trí íocaíochtaí aonuaire nó trí asbhaintí ó chnapshuimeanna scoir nó ó phinsin. Ina theannta sin, léirítear sna tuairiscí párolla a bhíonn á nginiúint ag PSSC na hasbhaintí ar bhonn líon na bhfostaithe seachas ar bhonn cáis.

### *Tuairisciú ag deireadh na bliana*

**10.42** Thuairiscigh Seirbhísí Comhroinnte dá ranna is cliaint go raibh luach €4.6 milliún ar na ró-íocaíochtaí tuarastail agus pinsin a bhí amuigh ag deireadh 2016, lenar cuimsíodh

- €2.8 milliún maidir le cásanna oscailte nach raibh plean aisghabhála ar bith i bhfeidhm ina dtaobh agus
- €1.8 milliún, arbh ionann é agus an t-iarmhéid laghdaitheach de roinnt cásanna a bhfuil pleananna aisghabhála leanúnacha i bhfeidhm ina dtaobh.

Chun teacht ar an bhfigiúr deireadh bliana sin, déanann foireann na Seirbhísí Comhroinnte go leor idirghabháil agus ionramháil de láimh ar na sonraí a bhaintear as na córais atá in úsáid.

**10.43** San iniúchadh seo, rinneadh athbhreithniú ar shampla randamach 50 cás a raibh luach iomlán €77,000 orthu ag deireadh na bliana chun na figiúirí a tuairiscíodh do na ranna a dhearbhú. San athbhreithniú sin, cuireadh luach na gcásanna a tuairiscíodh i gcomparáid leis an luach iarbhír de réir an CMS. Fuarthas amach go ndearnadh míshonrú ar shé cinn den 50 cás i dtuarascáil dheireadh na bliana. Bhí luach beagnach €17,000 ar an earráid sin, rud is ionann agus ráta earráide 22%.[1]

**10.44** Ní chuimsítear roinnt luachanna san fhigiúr deireadh bliana a baineadh amach — ba cheart go mbeadh cuid de na luachanna ag Seirbhísí Comhroinnte agus tá cuid eile nach bhfuil ar fáil ach ó chórais na ranna féin. Na luachanna nach gcuimsítear, is iad sin na méideanna arna bhfáil ar ais

- le haisíocaíocht aonuaire
- le hasbhaintí ó chnapshuimeanna pinsin
- i gcás ina bhfuil an asbhaint ón tuarastal á bpróiseáil lasmuigh de Sheirbhísí Comhroinnte.

**10.45** Ní chuimsítear ach an oiread i bhfigiúr dheireadh ba bliana na hiarmhéideanna gan íoc a bhaineann leo seo a leanas

- cásanna dúnta ach gur stopadh na hasbhaintí roimh dheireadh na bliana
- cásanna dúnta ach gur próiseáladh na hasbhaintí lasmuigh de Sheirbhísí Comhroinnte
- cásanna oidhreachta

1 Rinneadh áibhéil ar thrí chás de luach €11,300 ar an iomlán, agus rinneadh tearc-chuntas ar thrí chuntas de luach €5,400 ar an iomlán.

- cásanna dúnta agus curtha ar aghaidh chuig acmhainní daonna na roinne
- cásanna nár tugadh luach ar bith ina leith.

**10.46** Is é €7.5 milliún luach iomlán na ró-íocaíochtaí atá gan íoc mar a thuairiscítear i gcuntais leithreasa na Vótaí a soláthraíonn PeoplePoint feidhm acmhainní daonna ina leith.

**10.47** Ní féidir le córais ná próisis na Seirbhísí Comhroinnte faisnéis a chur ar fáil ar an ngníomhaíocht fhoriomlán ró-íocaíochta sa bhliain, rud a chuirfeadh ar ár gcumas an méid atá gan íoc a thabhairt chun réitigh. Gné rialála bhunriachtanach is ea réiteach den sórt sin, agus is iondúil a chuimsítear leis iarmhéid tosaigh na ró-íocaíochtaí atá gan íoc don bhliain a choigeartú (ró-íocaíochtaí nua a sainaithníodh, méid a aisghabhadh, agus aon choigeartuithe nó cealuithe) agus an méid sin a thabhairt chun réitigh leis an bhfigiúr deireadh bliana a fuarthas ón gcóras. Tá formáid ina léirítear réiteach den sórt sin le fáil in Iarscríbhinn 10A.

## Tuairimí an Oifigigh Cuntasaíochta

**10.48** Tá sé sonraithe ag an Oifigeach Cuntasaíochta go bhfuil Seirbhísí Comhroinnte ag céim luath aibíochta agus, cé go nglacann sé go mbeidh iarmhéid ró-íocaíochta reatha ann i gcónaí, creideann sé go bhfuil an figiúr sin ag éirí níos ísle i gcónaí. Soláthraíonn Seirbhísí Comhroinnte follasacht níos mó maidir le ceist na ró-íocaíochtaí tuarastail agus cuireann siad bealach caighdeánach ar fáil chun ró-íocaíochtaí a bhainistiú don fhoireann go léir.

**10.49** Is lú luach na ró-íocaíochtaí in 2016 ná leath d'aon faoin gcéad den bhille tuarastail iomlán. Dá bhrí sin, tá breis is 99% den bhille tuarastail á riar ar bhealach éifeachtach. Cruthaíodh riar caighdeánach agus cuireadh deireadh le go leor fadhbanna oidhreachta mar thoradh ar an athchóiriú ar shaoire bhreoiteachta sa státseirbhís. Tá méadú tagtha freisin ar an líon ró-íocaíochtaí freisin, áfach, agus is é an chúis is mó leis ná go mbíonn an fhoireann ag baint amach na dtairseach don tsaoire bhreoiteachta níos luaithe. Baineann beagnach 20% de na ró-íocaíochtaí le líon beag den fhoireann a bhíonn as láthair go minic. In iniúchadh a rinneadh le déanaí ar na cúiseanna leis na ró-íocaíochtaí, le cúnamh ó shainchomhairleoir seachtrach, fuarthas amach gurb é 20% iomlán na n–earráidí agus na moille próiseála a bhaineann le Seirbhísí Comhroinnte.

**10.50** Rinne PeoplePoint breis is 200,000 idirbheart a riar agus d'fhreagair 77,500 glao teileafóin in 2016. Rinne PSSC riar ar 4,112 phárolla a raibh luach bliantúil €3.2 billiún orthu. Aithníodh an leibhéal seachadta sin nuair a bronnadh Gradam Seirbhísí Comhroinnte CCMA 2015 ar PeoplePoint.[1]

**10.51** Aistríodh párolla naoi n-eagraíocht ina bhfuil 25,000 fostaí chuig PSSC in 2016, agus aistríodh ceithre eagraíocht ina bhfuil 4,400 fostaí chuig PeoplePoint. Nuair a aistrítear eagraíocht, bíonn tréimhse ann ina dtagann cleachtais oidhreachta chun solais. Déantar na cleachtais sin a iniúchadh agus oibrítear tríothu sula ndéantar iad a leasú. Glactar leis ar fud earnáil na seirbhísí comhroinnte go mbíonn tréimhse ama i gceist chun cleachtais oibriúcháin agus modhanna oibre nua a leabú i gceart.

**10.52** Don tréimhse faoi athbhreithniú, ní raibh gach gné den timthriall ró-íocaíochta á bainistiú ag Seirbhísí Comhroinnte i ngach cás. Bhí a bpárolla féin á phróiseáil i gcónaí ag roinnt ranna a raibh a bhfeidhmeanna acmhainní daonna aistrithe chuig PeoplePoint. Sna cásanna sin, ní raibh radharc ag Seirbhísí Comhroinnte ar gach aisghabháil ná ar gach iarmhéid amuigh mar a tuairiscíodh sna cuntais leithreasa.

1 Customer Contact Management Association.

## Conclúidí agus moltaí

**10.53** Faoi láthair, ní sholáthraítear leis na córais atá i bhfeidhm i Seirbhísí Comhroinnte an fhaisnéis bhainistíochta is gá chun bainistíocht éifeachtach a dhéanamh ar ró-íocaíochtaí tuarastail. I measc na faisnéise tábhachtaí nach bhfuil fáil uirthi, áirítear méid iomlán na ró-íocaíochtaí, an méid atá faighte ar ais, an méid atá gan íoc i gcónaí, anailís aoise ar chásanna, agus an leibhéal aisghabhála. Ní chomhthiomsaítear faisnéis ar an méid a fhaightear ar ais le híocaíochtaí aonuaire nó trí asbhaintí ó chnapshuime pinsin. Dá bhrí sin, níl aon bhealach éifeachtach ann chun an t-athrú ar an leibhéal ró-íocaíochtaí a thomhas nó chun leibhéal feidhmíochta na Seirbhísí Comhroinnte a mheas i ndáil le ró-íocaíochtaí tuarastail a bhainistiú.

**10.54** Is ann do theorainneacha eile freisin mar ní féidir le córais na Seirbhísí Comhroinnte faisnéis a ghiniúint a bhaineann le dáta san am atá imithe thart — ní bhíonn sna tuairiscí ach an fhaisnéis atá ann an dáta a ghintear iad.

**10.55** Sa chás ab fhearr, leis na tuairiscí atá ar fáil ón gcóras, d'fhéadfaí monatóireacht a dhéanamh ar an ngníomhaíocht bainistithe fiach chun go bhféadfaí measúnú a dhéanamh ar a éifeachtaí is atá na hiarrachtaí chun ró-íocaíochtaí a aisghabháil agus chun bonn eolais a chur ar fáil don obair spriocdhírithe atá ag teastáil.

**10.56** Is gá go leor idirghabháil agus ionramháil de láimh a dhéanamh chun méid atá gan íoc ag deireadh na bliana a ríomh. San iniúchadh, fuarthas ráta earráide 22% sa sampla ar an luach a tuairiscíodh do chásanna nach bhfuil plean aisghabhála i bhfeidhm ina leith. Ina theannta sin, ní chuimsítear gach ró-íocaíocht leis an bhfigiúr deireadh bliana a thuairiscítear.

**Moladh 10.1**

Ba cheart do Sheirbhísí Comhroinnte athbhreithniú a dhéanamh ar na córais reatha agus féachaint ar bhealaí chun teacht ar an bhfaisnéis bhainistíochta atá riachtanach chun ró-íocaíochtaí tuarastail a bhainistiú agus a thuairisciú go héifeachtach. Ina theannta sin, ba cheart do Sheirbhísí Comhroinnte athbhreithniú a dhéanamh ar an bpróiseas tuairiscithe deireadh bliana chun an riosca míshonraithe a laghdú an oiread is féidir agus lena chinntiú go ndéantar an t-airgead ar fad a fhaightear ar ais sa bhliain a thaifeadadh agus a thuairisciú.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**

Aontaithe. Táthar ag dul i ngleic leis na teorainneacha ó thaobh an tuairiscithe de tríd an ngníomhaíocht forbartha atá ar siúl faoi láthair a thuairisciú. Príomhthosaíocht is ea córas tuairiscithe a fhorbairt chun faisnéis airgeadais a chur ar fáil do ranna is cliaint chun tacú le hullmhú na gcuntas leithreasa. Tá tástáil á déanamh faoi láthair ar fhorbairt chun faisnéis phárolla a chur ar fáil cás ar chás lena n-áireofar an ró-íocaíocht chomhlán, an méid atá faighte ar ais, agus an t-iarmhéid laghdaitheach. Cuirfear é sin le chéile leis na sonraí atá sa CMS agus bainfear leas as an gcás-uimhir agus as an Uimhir PSP araon. Tá tástáil phíolótach sceidealaithe do na Coimisinéirí Ioncaim. An sprioc atá ann ná go soláthrófar tuairiscí ina mbeidh sonraí mionsonraithe do na cliaint ar fad ón gcéad seachtain i mí Dheireadh Fómhair.

Ní féidir le Seirbhísí Comhroinnte tuairisciú ach ar na gnéithe sin den timthriall ró-íocaíochtaí atá faoina stiúir. I gcás ina mbíonn cliant ag plé le PeoplePoint amháin agus ina mbíonn an párolla á phróiseáil aige féin, ní bheidh radharc ag Seirbhísí Comhroinnte ar méideanna atá á n-aisíoc ná ar an iarmhéid laghdaitheach. Ar an gcaoi chéanna, i gcás ina bhfuil cliaint in PSSC agus nach bhfuil siad in PeoplePoint, beidh an tuairisciú ar ró-íocaíochtaí teoranta do luachanna ró-íocaíochtaí agus d'iarmhéideanna laghdaitheacha.

Tá córas i bhfeidhm le dul timpeall air sin chun tacú le tuairisciú ar ró-íocaíochtaí ag deireadh na bliana, agus coinnítear na tuairiscí lena n-úsáid amach anseo.

**10.57** Maidir le freagrachtaí as cásanna a bhí ann tráth ar aistríodh roinn chuig Seirbhísí Comhroinnte mar aon le roinnt cásanna a bhaineann le fostaí nach bhfuil á íoc níos mó, níl na freagrachtaí sin leagtha amach sa chomhaontú bainistíochta seirbhíse idir Seirbhísí Comhroinnte agus gach roinn ná níl siad comhaontaithe go foirmiúil ar bhealach eile. Is cosúil go bhfuil ann d'easpa soiléireachta i roinnt ranna maidir leis na freagrachtaí faoi seach.

**Moladh 10.2**

Ba cheart do Sheirbhísí Comhroinnte comhaontú foirmiúil a dhéanamh le ranna le socrú cé air a bhfuil an fhreagracht le haghaidh gach aicme de ró-íocaíocht tuarastail lena chinntiú go ndéantar gach ró-íocaíocht a bhainistiú ar bhealach gníomhach éifeachtach.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**

Aontaithe. Déanfaidh Seirbhísí Comhroinnte teagmháil fhoirmiúil le hOifigigh Phearsanra chun an fhreagracht as cásanna oidhreachta a leagan amach go soiléir. Léireofar é sin freisin sa chéad leagan eile de chomhaontú bainistíochta na seirbhísí d'fhostaithe. Maidir le cásanna a bhaineann le fostaí nach bhfuil á íoc níos mó, eiseoidh Seirbhísí Comhroinnte cumarsáid fhoirmiúil chuig gach Oifigeach Pearsanra.

**10.58** Ní raibh méid na ró-íocaíochta ríofa i gcás 648 gcás ag deireadh na bliana. Bunaithe ar mheánluach na gcásanna a raibh an ró-íocaíocht ríofa ina leith, d'fhéadfadh suas le €650,000, nó 14% den luach a tuairiscíodh do na ranna, a bheith i gceist leis na 648 gcás sin. Is sine ná sé mhí d'aois an ceathrú cuid de na cásanna sin. Ní féidir tús a chur leis an bpróiseas aisghabhála mar gheall ar mhoilleanna ar luach ró-íocaíochta a thaifeadadh, rud a fhágann go bhféadfadh sé a bheith níos deacra méid iomlán na ró-íocaíochta a fháil ar ais.

**10.59** Is léir go bhfuil moill freisin ar an aisghabháil a thosú i gcásanna ina bhfuil luach na ró-íocaíochta ríofa. Ag deireadh na bliana, bhí 388 gcás (dar luach €1.1 milliún) gan íoc le breis is bliain nach raibh plean aisghabhála i bhfeidhm ina leith. Is gnách go mbíonn meánluach níos airde ag na cásanna níos sine.

**10.60** San athbhreithniú ar an ngníomh aisghabhála i sampla de na cásanna, i gcás inar eisíodh litir fógartha maidir le ró-íocaíocht (37 gcás as 50), sainaithníodh ann gur ghlac sé 13 seachtaine é sin a dhéanamh ar an meán. Níor seoladh litir ar bith i sé cinn de chásanna a bhí oscailte ag deireadh na bliana. Bhí cás amháin díobh sin, ina raibh méid ró-íocaíochta €29,000 gan íoc i gcónaí, oscailte le breis is bliain.

**Moladh 10.3**

Ba cheart do Sheirbhísí Comhroinnte athbhreithniú a dhéanamh ar an gcúis atá leis an moill chun luach ró-íocaíochta a thaifeadadh agus plean aisghabhála a chur i bhfeidhm d'fhonn taifeadadh tráthúil a bhaint amach agus tús tráthúil a chur le haisghabháil na ró-íocaíochtaí tuarastail. Ina theannta sin, chuirfeadh anailís rialta ar an bhfaisnéis atá ar fáil bonn eolais faoi na réimsí d'obair spriocdhírithe.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**

Aontaithe. Tá clár cuimsitheach ar siúl cheana féin chun aghaidh a thabhairt ar an iliomad cúiseanna leis an moill ar an bpróiseáil. Baintear leas as tuairiscí oibriúcháin ar bhonn laethúil agus seachtainiúil chun monatóireacht a dhéanamh ar an ualach oibre agus chun é a bhainistiú, agus chun an dul chun cinn agus sruthanna sonraí a léiriú maidir le cásanna nua agus cásanna dúnta. Eisíodh tuarascáil achoimre do bhord an chláir gach mí i gcaitheamh 2016.

De réir mar a aistríodh gach aon roinn, fágadh roinnt cásanna oidhreachta ag PSSC inar ghá luachanna na ró-íocaíochtaí a ríomh. Tagann 400 cás ró-íocaíochta nua chun cinn gach mí ar an meán, rud a fhágann go mbeidh thart ar 200 go 300 cás á ríomh ag aon am ar leith. Is ann do roinnt cásanna casta atá ann le fada nach bhfuil réitithe go fóill, agus tá PSSC ag saothrú chun iad sin a réiteach chomh luath agus is féidir.

**10.61** I gcásanna ábhartha, is féidir ró-íocaíochtaí a aisghabháil trína n-asbhaint ón tuarastal nó ón bpinsean thar thréimhse ama. Tá sé tábhachtach monatóireacht a dhéanamh ar asbhaintí den sórt sin lena chinntiú, i gcás ina stoptar an aisíocaíocht ar chúis éigin, go nglactar beart láithreach chun an próiseas aisghabhála a ghníomhú in athuair. San iniúchadh seo, sainaithníodh ró-íocaíochtaí a rinneadh le ceathrar ina léirítear i dtuairiscí párolla go raibh deireadh curtha leis na hasbhaintí ón tuarastal ach nach raibh méid iomlán na ró-íocaíochta faighte ar ais.

**10.62** D'fhéadfaí cásanna a shainaithint ina bhfuil gníomh ag teastáil toisc go bhfuil stop curtha le hasbhaintí dá ndéanfaí réitigh rialta idir na sonraí atá ar na córais acmhainní daonna a bhaineann le ró-íocaíochtaí agus na hasbhaintí atá i bhfeidhm ar an gcóras párolla. Mar sin féin, tá sé léirithe ag Seirbhísí Comhroinnte nach éasca réiteach den sórt sin a dhéanamh mar gheall ar na haitheantóirí uathúla éagsúla atá in úsáid sa dá chóras.

**10.63** Ina theannta sin, b'éasca gníomh a ghlacadh láithreach dá gcuirfí bratach le hasbhaint ar bith a gcuirtear stop léi. D'fhéadfadh tuairisc ar eisceachtaí tar éis gach babhta pá a bheith i gceist leis sin ina sonrófaí go raibh asbhaint i bhfeidhm d'fhostaithe sa bhabhta pá roimhe sin ach nach ann don asbhaint sin sa bhabhta reatha.

**Moladh 10.4**

Ba cheart do Sheirbhísí Comhroinnte próisis a chur i bhfeidhm chun sonraí ar ró-íocaíocht tuarastail ar na córais acmhainní daonna agus párolla a nascadh agus a thabhairt chun réitigh chun aisghabháil iomlán a chinntiú. Ba cheart do Sheirbhísí Comhroinnte machnamh a dhéanamh ar an ngá le saoráid chun tuairiscí ar eisceachtaí a ghiniúint lena n-aibhseofaí aisíocaíochtaí a bhfuil deireadh curtha leo.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**

Aontaithe. Mar thoradh ar athrú le déanaí ar an bpróiseas ró-íocaíochtaí in PSSC trína ndéantar uimhir thagartha an cháis a thaifeadadh in aghaidh gach gníomhaíochta ró-íocaíochta ar an gcóras párolla, is féidir na sonraí ón gcóras párolla a nascadh leis na sonraí ar HRMS/CMS. Dá bhrí sin, beifear in ann na sonraí ar ró-íocaíochtaí ó PSSC a thabhairt le chéile leis na sonraí ó HRMS/CMS bunaithe ar uimhir thagartha an cháis agus ar an Uimhir PSP.

Tabharfar isteach tuairiscí ar eisceachtaí chun monatóireacht éifeachtach a chinntiú ar aisghabháil iomlán gach ró-íocaíochta a bhfuil plean aisghabhála i bhfeidhm ina leith. Mar chuid de na feabhsúcháin tuairiscithe atá á dtabhairt isteach, féachfar ar a indéanta is a bheadh sé bratach a thabhairt isteach le cinntiú go n-éascófaí tuairisciú ábhartha cuí ar eisceachtaí.

## Iarscríbhinn 10A

### Fíor 10A.1 Ró-íocaíochtaí tuarastail amuigh

| | Seirbhísí Comhroinnte | An Roinn | Iomlán |
|---|---|---|---|
| **Ró-íocaíochtaí gan aisíoc amhail an 1 Eanáir** | **X** | **X** | **X** |
| **Ró-íocaíochtaí:** | | | |
| Taifeadta | X | X | X |
| Curtha ar ceal | (X) | (X) | (X) |
| Díscríofa | (X) | (X) | (X) |
| Coigeartuithe[a] | X/(X) | X/(X) | X/(X) |
| **Lúide suimeanna aisghafa trí** | | | |
| Asbhaintí tuarastail (PSSC) | (X) | (X) | (X) |
| Asbhaintí tuarastail (Roinn) | (X) | (X) | (X) |
| Asbhaintí ó phinsean | (X) | (X) | (X) |
| Íocaíochtaí in airgead tirim | (X) | (X) | (X) |
| **Ró-íocaíochtaí gan aisíoc amhail an 31 Nollaig** | **X** | **X** | **X** |

Foinse: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nóta: a D'fhéadfaí a áireamh leis na coigeartuithe cásanna a dúnadh agus ar cuireadh ar ais chuig an Roinn iad.